BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

6 Márta 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Rialachán (AE) 2019/1111 – Raon feidhme – Airteagal 1(1)(b) agus (2)(e) – Beart a bhfuil baint aige le maoin linbh a dhiúscairt – Airteagal 7 – Dlínse maidir le freagracht tuismitheora – Airteagal 10 – Rogha cúirte – Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 – Raon feidhme – Airteagal 1(2)(a) – Eisiamh maidir le stádas nó inniúlacht dhlíthiúil daoine nádúrtha – Rialacha dlínse dá bhforáiltear le comhaontú déthaobhach idir Poblacht na Bulgáire agus Cónaidhm na Rúise, a tugadh i gcrích roimh aontachas Phoblacht na Bulgáire leis an Aontas Eorpach – Difríocht idir na rialacha sin agus na rialacha dá bhforáiltear le Rialachán 2019/1111 – Airteagal 351 CFAE – Coincheap 'neamhréireacht')

I gCás C-395/23 [Anikovi] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Sofiyski Rayonen sad (an Chúirt Dúiche, Sóifia, an Bhulgáir), trí bhreith an 24 Meitheamh 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 29 Meitheamh 2023, agus ordú an 6 Feabhra 2024, a fuarthas ag an gCúirt ar an lá céanna, sna himeachtaí

E. M. A.,

E. M. A.,

M. I. A.

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, C. Lycourgos, Uachtarán an Tríú Dlísheomra, M. L. Arastey-Sahún, Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, S. Rodin agus O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: R. Stefanova-Kamisheva, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 12 Meán Fómhair 2024,

* Teanga an cháis: an Bhulgáiris.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– E. M. A., E. M. A. agus M. I. A., ag L. S. Tsoncheva, advokat,

– Rialtas na Spáinne, ag I. Herranz Elizalde agus P. Pérez Zapico, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hUngáire, ag Zs. Biró-Tóth agus M. Z. Fehér, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag S. Noë, W. Wils agus I. Zaloguin, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 28 Samhain 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 4(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (an Róimh I) (IO 2008 L 177, lch. 6, 'Rialachán na Róimhe I'), Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO 2012 L 351, lch. 1, 'Rialachán na Bruiséile Ia'), chomh maith le hAirteagal 1(2)(e) agus Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2019 maidir le dlínse, aithint agus forfheidhmiú cinntí in ábhair maidir le pósadh agus le freagracht tuismitheora, agus maidir le fuadach idirnáisiúnta leanaí (IO 2019 L 178, lch. 1, agus ceartúchán IO 2020 L 347, lch. 52, 'Rialachán na Bruiséile IIb').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí neamhchonspóideacha arna dtionscnamh ag beirt mhionaoiseach, E. M. A agus E. M. A, d'fhonn údarú cúirte a fháil, le toiliú a máthar M. I. A, a scaireanna i dtrí mhaoin dhochorraithe atá suite sa Bhulgáir a dhíol.

An dlí lena mbaineann

Dlí idirnáisiúnta

3 Rinneadh an Conradh idir Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha agus Daon-Phoblacht na Bulgáire maidir le Cúnamh Dlíthiúil in Ábhair Shibhialta, Teaghlaigh agus Choiriúla, a síníodh i Moscó an 19 Feabhra 1975 (Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe, Iml. 1015, Uimh. 14855, lch. 41, 'an Conradh idir an Rúis agus an Bhulgáir'), a dhaingniú sa Bhulgáir le Foraithne Uimh. 784 an 15 Aibreán 1975 (DV Uimh. 33/1975) agus a foilsíodh an 10 Feabhra 1976 (DV Uimh. 12/1976, ceartúchán DV Uimh. 17/2014). Foráiltear le hAirteagal 25 den Chonradh sin:

'1. Is le dlí an pháirtí chonarthaigh ar ina chríoch atá sainchónaí comhpháirteach acu a chinnfear an caidreamh dlíthiúil idir tuismitheoirí agus leanaí.

[...]

6. Údaráis an pháirtí chonarthaigh ar náisiúnach de an leanbh nó údaráis na críche ina bhfuil sainchónaí nó cónaí ar an leanbh, beidh dlínse acu cinntí a dhéanamh maidir leis na caidrimh dhlíthiúla dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 3, 4 agus 5.'

4 Foráiltear le hAirteagal 30(2) den Chonradh idir an Rúis agus an Bhulgáir gur le dlí an pháirtí chonarthaigh ar ina chríoch atá an mhaoin dhochorraithe suite a chinnfear foirm an idirbhirt maoine.

Dlí an Aontais

Rialachán na Róimhe I

5 Foráiltear le hAirteagal 4(1)(c) de Rialachán na Róimhe I, dar teideal 'Dlí is infheidhme in éagmais rogha':

'A mhéid nár roghnaíodh an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh i gcomhréir le hAirteagal 3 agus gan dochar d'Airteagail 5 go 8, is mar seo a leanas a chinnfear an dlí a rialaíonn an conradh:

[...]

(c) is é dlí na tíre ina bhfuil an mhaoin suite a rialóidh conradh a bhaineann le ceart *in rem* maidir le maoin dhochorraithe nó maidir le tionóntacht maoine dochorraithe;

[...]'

Rialachán na Brúiséile Ia

6 Foráiltear le hAirteagal 1 de Rialachán na Bruiséile Ia:

'1. Beidh feidhm leis an Rialachán seo in ábhair shibhialta agus thráchtála, cibé cineál cúirte nó binse a bheidh i gceist. [...]

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) stádas nó inniúlacht dhlíthiúil daoine nádúrtha [...]

[...]'

7 De réir théarmaí Airteagal 24(1) de Rialachán na Bruiséile Ia:

'Beidh dlínse eisiach ag na cúirteanna seo a leanas de Bhallstát, ar neamhchead do shainchónaí na bpáirtithe:

1) in imeachtaí arb é is cuspóir dóibh cearta *in rem* ar mhaoin dhochorraithe nó ar thionóntachtaí maoine dochorraithe, cúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil an mhaoin suite.

[...]'

Rialachán na Brúiséile IIb

8 Is mar seo a leanas foclaíocht aithrisí 10, 19, 20 agus 91 de Rialachán na Bruiséile IIb:

‘(10) Maidir le maoin an linbh, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin maidir le bearta chun an leanbh a chosaint, eadhon ainmniú agus feidhmeanna duine nó comhlachta atá i gceannas ar mhaoin an linbh a bhainistiú, a dhéanann ionadaíocht ar a shon nó a chuidíonn leis, chomh maith le bearta maidir le riaradh, caomhnú nó diúscairt mhaoin an linbh. Sa chomhthéacs sin agus mar shampla, ba cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo i gcásanna inarb é cuspóir na n-imeachtaí ainmniú duine nó comhlachta chun maoin an linbh a riar. Ba cheart bearta maidir le maoin an linbh nach mbaineann le cosaint an linbh a rialú le Rialachán [an Bhruiséil Ia]. Mar sin féin, ba cheart go bhféadfaí feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin seo maidir le dlínse ar cheisteanna teagmhasacha sna cásanna sin.

[...]

(19) Tá na rialacha dlínse in ábhair maidir le freagracht tuismitheora bunaithe ar leas an linbh agus ba cheart iad a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an leas sin. [...]

(20) Chun leas an linbh a chosaint, ba cheart dlínse a chinneadh ar an gcéad dul síos de réir chritéar na gaireachta. Dá bhrí sin, ba cheart dlínse a bheith ag an mBallstát ina bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh, ach amháin i gcásanna áirithe a leagtar amach sa Rialachán seo, mar shampla, i gcás ina dtiocfaidh athrú ar áit chónaithe an linbh nó de bhun comhaontú idir na sealbhóirí freagrachta tuismitheora.

[...]

(91) Meabhraítear, i gcás comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag Ballstát le tríú Stát amháin nó níos mó roimh dháta a aontachais leis an Aontas, go mbeidh feidhm ag Airteagal 351 [CFAE]. ’
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear le hAirteagal 1 den Rialachán sin, dar teideal ‘Raon feidhme’:

‘1. Beidh feidhm leis an Rialachán seo in ábhair shibhialta maidir le:

(a) colscaradh, idirscaradh breithiúnach nó neamhniú pósta céilí;

(b) bronnadh, feidhmiú, tarmligean, baint iomlán nó páirteach na freagrachta tuismitheora.

2. Baineann na ceisteanna dá dtagraítear i mír 1(b) go háirithe le:

[...]

(e) bearta chun leanbh a chosaint a bhfuil baint aige le riaradh, caomhnú nó diúscairt a maoine.

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le hAirteagal 7 den Rialachán sin, dar teideal ‘Dlínse ghinearálta’:

‘1. Beidh dlínse ag cúirteanna Ballstáit in ábhair maidir le freagracht tuismitheora as leanbh a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Bhallstát sin tráth a dtabharfar na himeachtaí os comhair na cúirte.

2. Beidh feidhm ag an gcéad mhír den Airteagal seo faoi réir Airteagail 8 go 10.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear le hAirteagal 10(1) de Rialachán na Bruiséile IIb, dar teideal ‘Rogha cúirte’:

‘Beidh dlínse ag cúirteanna Ballstáit in ábhair a bhaineann le freagracht tuismitheora i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil nasc substaintiúil ag an leanbh leis an mBallstát sin, go háirithe toisc:
   (i) go bhfuil gnáthchónaí ar dhuine amháin ar a laghad de shealbhóirí freagrachta tuismitheora ann;
   (ii) go raibh gnáthchónaí ar an leanbh sa Bhallstát sin; nó
   (iii) gur náisiúnach den Bhallstát sin an leanbh;

(b) go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag na páirtithe, chomh maith le haon sealbhóir eile freagrachta tuismitheora:
   (i) gur aontaigh siad go toilteanach ar an dlínse, ar a dhéanaí tráth a tháinig na himeachtaí os comhair na cúirte, nó
   (ii) gur ghlac an chúirt go sainráite leis an dlínse le linn na n-imeachtaí agus d’áirithigh an chúirt gur cuireadh na páirtithe go léir ar an eolas faoina gceart gan glacadh leis an dlínse sin; agus

(c) gur chun leasa an linbh é an dlínse a fheidhmiú.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Rialaítear le Caibidil VIII den Rialachán sin, lena n-áirítear Airteagail 94 go 99, an gaol idir an Rialachán sin agus ionstraimí dlí eile, lena n-áirítear conarthaí déthaobhacha áirithe arna dtabhairt i gcrích idir Ballstáit agus an Suí Naofa.

Dlí na Bulgáire

13 Faoi Airteagal 18 den Zakon za zadalzheniata i dogovorite (an Dlí maidir le hoibleagáidí agus conarthaí), is le gníomhas nótaireachta a thabharfar i gcrích conarthaí maidir le haistriú úinéireachta nó cearta eile *in rem* maidir le maoin dhochorraithe.

14 I gcomhréir le hAirteagal 130(3) den Semeen kodeks (an Cód Teaghlaigh), ní fhéadfar gníomhartha diúscartha a bhaineann, *inter alia*, le maoin dhochorraithe atá i seilbh linbh a dhéanamh ach amháin le toiliú an Rayonen sad (an Chúirt Dúiche) a bhfuil seoladh reatha an linbh ina dhlínse, ar choinníoll nach bhfuil an gníomh diúscartha contrártha do leas an linbh.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

15 In 2023, tugadh iarratas os comhair Sofiyski Rayonen sad (Cúirt Dúiche Shóifia, an Bhulgáir), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, a taisceadh ar son beirt leanaí mhionaoiseacha de náisiúntacht Rúiseach a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Ghearmáin chun údarú a fháil na scaireanna atá ina seilbh i dtrí mhaoin atá lonnaithe sa Bhulgáir a fuair siad le hoidhreacht tar éis bhás a n-athar a dhíol.

16 I gcomhréir le hAirteagal 130(3) den Chód Teaghlaigh, ní mór díol maoine dochorraithe atá i seilbh linbh a údarú, i bhfianaise leas an linbh, ag an Rayonen sad (an Chúirt Dúiche) a bhfuil dlínse chríche aici sular féidir le nótaire é a thaifeadadh faoi Airteagal 18 den Dlí maidir le hoibleagáidí agus conarthaí.

17 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil dlínse ag cúirteanna na Bulgáire i gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí. Tugann sí faoi deara, ar thaobh amháin, go mbunaíonn an Varhoven kasatsionen sad (an Chúirt Uachtarach um Achomharc Deiridh, an Bhulgáir) dlínse chúirteanna na Bulgáire i gcás den sórt sin ar fhorálacha an dlí náisiúnta agus ar Airteagal 30(2) den Chonradh idir an Rúis agus an Bhulgáir, cé go mbraitheann cúirt náisiúnta eile freisin, i ndáil leis sin, ar Airteagal 4(1)(c) de Rialachán na Róimhe I. Measann an chúirt a rinne an tarchur, mar sin féin, nach bhfuil an fhoráil dheireanach sin ábhartha, murab ionann agus Airteagal 24(1) de Rialachán na Bruiséile Ia.

18 Ar an taobh eile, tugann an chúirt sin faoi deara go bhféadfadh cás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí teacht chun cinn freisin, mura maolaítear air le comhaontú idirnáisiúnta amhail an Conradh idir an Rúis agus an Bhulgáir, faoi raon feidhme Rialachán na Bruiséile IIb. Sa chás deireanach sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Rialachán sin, bheadh dlínse ag cúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh, sa chás seo cúirteanna na Gearmáine.

19 Sna himthosca sin, chinn Sofiyski Rayonen sad (Cúirt Dúiche Shóifia) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) An gclúdaítear le raon feidhme Airteagal 1(2)(e) de [Rialachán IIb na Bruiséile], imeachtaí neamhchonspóideacha a bhaineann le cead arna thabhairt ag cúirt chun maoin dhochorraithe nó scaireanna comhúinéireachta i maoin dhochorraithe ar le leanbh í a dhiúscairt, mar shampla, a dhíol?

2) Le cén rialachán an ndéantar cinneadh maidir le dlínse idirnáisiúnta cúirte de chuid Bhallstát an Aontais Eorpaigh in imeachtaí neamhchonspóideacha a bhaineann le cead arna thabhairt ag cúirt chun maoin dhochorraithe nó scaireanna comhúinéireachta i maoin dhochorraithe ar le leanbh í a dhiúscairt, mar shampla, a dhíol: (i) Airteagal 7(1) de Rialachán [na Bruiséile IIb] – an chúirt don áit ina bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh – nó (ii) Airteagal 4(1)(c) de Rialachán [na Róimhe I] nó Airteagal 24(1) de Rialachán [na Bruiséile Ia] – an chúirt don áit ina bhfuil an mhaoin dhochorraithe suite?

3) An maolaítear ar rialacha [Rialachán IIb na Bruiséile] maidir le dlínse idirnáisiúnta in ábhair a bhaineann le freagracht tuismitheora trí chomhaontú idirnáisiúnta déthaobhach idir Ballstát [Poblacht na Bulgáire] agus tríú tír (an tAontas Sóivéadach nó Cónaidhm na Rúise) a tugadh i gcrích roimh aontachas an Bhallstáit leis an Aontas Eorpach, mura liostaítear an comhaontú idirnáisiúnta sin i gCaibidil VIII [den Rialachán sin] [...]?’

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist agus an dara ceist

20 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go ndéantar tagairt sa dara ceist d'Airteagal 4(1)(c) de Rialachán na Róimhe I, go míníonn an chúirt a rinne an tarchur nach ndearna sí tagairt don fhoráil sin ach amháin toisc gur bhunaigh cúirt de chuid na Bulgáire a dlínse ar an bhforáil sin, ach nach bhfuil aon amhras uirthi nach bhfuil an fhoráil sin, a bhaineann i ndairíre leis an dlí is infheidhme agus ní le dlínse, ábhartha chun an dara ceist a fhreagairt, murab ionann agus Airteagal 24(1) de Rialachán na Bruiséile Ia.

21 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, mar is léir ón ordú tarchuir agus mar a dheimhnigh dlíodóir na máthar agus an bheirt leanaí lena mbaineann ag an éisteacht, gur tháinig duine de na leanaí sin chun bheith ina dhuine fásta le linn na n-imeachtaí.

22 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, leis an gcéad cheist agus leis an dara ceist, ar cheart déileáil leo le chéile, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an dtagann an t-údarú breithiúnach a iarrtar ar son leanbh mionaoiseach a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi i mBallstát chun na scaireanna atá i seilbh an linbh sin i maoin dhochorraithe atá suite i mBallstát eile a dhíol faoi raon feidhme Rialachán na Bruiséile IIb nó faoi raon feidhme Rialachán na Bruiséile Ia.

23 De réir Airteagal 1 de Rialachán na Bruiséile IIb, tá feidhm ag an Rialachán sin maidir le hábhair shibhialta a bhaineann, *inter alia*, le freagracht tuismitheora a fheidhmiú. Faoi Airteagal 1(2)(e) den Rialachán sin, baineann na hábhair sin go háirithe le 'bearta maidir le cosaint an linbh a bhaineann le riaradh, caomhnú nó diúscairt mhaoin an linbh'.

24 Rialaítear le hAirteagal 1(1) de Rialachán na Bruiséile Ia ábhair shibhialta agus thráchtála beag beann ar chineál na cúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair, agus sonraítear gur léir, *inter alia*, ó Airteagal 24(1) go n-áirítear in ábhair shibhialta agus thráchtála 'ábhair a bhaineann le cearta *in rem* ar mhaoin dhochorraithe'. Le hAirteagal 1(2)(a) de Rialachán na Bruiséile Ia, eisiatar óna raon feidhme 'stádas agus acmhainneacht daoine nádúrtha'.

25 Sa chás seo, mar is léir ón ordú tarchuir, is beart é údarú breithiúnach amhail an t-údarú atá i gceist sna príomhimeachtaí a dhéantar ag féachaint do staid agus d'inniúlacht an linbh mhionaoisigh, a bhfuil mar chuspóir aige leas an linbh sin a chosaint. Is léir ó chásdlí na Cúirte, ós rud é go bhfuil an gá leis an údarú sin a fháil mar iarmhairt dhíreach ar an stádas sin agus ar an inniúlacht sin, is ionann an t-údarú sin, gan beann ar ábhar an ghnímh dlí lena mbaineann an t-údarú sin, agus beart chun an leanbh a chosaint a bhfuil baint aige le riaradh, caomhnú nó diúscairt a mhaoine nó a maoine i bhfeidhmiú freagrachta tuismitheora, de réir bhrí Airteagal 1(2)(e) de Rialachán na Bruiséile IIb, agus a bhaineann go díreach le hinniúlacht an duine nádúrtha lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 1(2)(a) de Rialachán na Bruiséile Ia (féach, chuige sin, breithiúnais an 3 Deireadh Fómhair 2013, *Schneider*, C-386/12, EU:C:2013:633, mír 26, agus an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Matoušková*, C-404/14, EU:C:2015:653, míreanna 28 go 31).

26 I bhfianaise na dtosca sin agus rún reachtóir an Aontais, mar a chuirtear in iúl in aithris 10 de Rialachán na Bruiséile IIb, tagann údarú breithiúnach amhail an t-údarú atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi raon feidhme an Rialacháin sin, d'eisiamh Rialachán na Bruiséile Ia.

27 Sna himthosca sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán na Bruiséile IIb, is iad cúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh tráth a thugtar imeachtaí os comhair na cúirte a bhfuil dlínse aici, i bprionsabal, chun údarú den chineál sin a dheonú.

28 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist ná nach mór Rialachán na Bruiséile IIb a léiriú sa chaoi go dtagann an t-údarú breithiúnach a iarrtar thar ceann leanbh mionaoiseach a bhfuil gnáthchónaí air i mBallstát chun na scaireanna atá i seilbh an linbh sin i maoin dhochorraithe atá suite i mBallstát eile a dhíol faoi raon feidhme na freagrachta tuismitheora, de réir bhrí Airteagal 1(1)(b) den Rialachán sin, a mhéid a bhaineann sé leis na bearta cosanta dá dtagraítear i mír 2(e) den Airteagal sin, ionas, de bhun Airteagal 7(1) den Rialachán sin, gurb iad cúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh tráth a thugtar na himeachtaí os comhair na cúirte a bhfuil dlínse acu, i bprionsabal, údarú den chineál sin a dheonú.

An tríú ceist

29 Lena tríú ceist, is mian leis an gcúirt a rinne an tarchur a fháil amach an féidir le conradh déthaobhach a tugadh i gcrích idir Ballstát agus tríú Stát roimh aontachas an Bhallstáit sin leis an Aontas maolú ar fhorálacha Rialachán na Bruiséile IIb cé nach luaitear é i gCaibidil VIII den Rialachán sin.

Inghlacthacht

30 Ina bharúlacha i scríbhinn, tá amhras ar Rialtas na Spáinne maidir le hinghlacthacht an tríú ceist a mhéid nach bhfuil nasc aici le hábhar na bpríomhimeachtaí agus nár shuigh an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil nasc idir an Conradh idir an Rúis agus an Bhulgáir agus aon fhoráil de dhlí an Aontais.

31 Ní mór a mheabhrú i ndáil leis sin gur faoin gcúirt náisiúnta amháin ar os a comhair a tugadh an díospóid, agus nach mór di glacadh le freagracht as an gcinneadh breithiúnach atá le déanamh, measúnú a dhéanamh ar an ngá le réamhrialú le bheith in ann a breithiúnas a thabhairt agus ar ábharthacht na gceisteanna arna gcur aici don Chúirt, i bhfianaise shainiúlachtaí an cháis. Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnas diúltú do rialú a thabhairt ar iarraidh arna déanamh ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léirmhíniú arna iarraidh ar dhlí an Aontais Eorpaigh le fíricí iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi [breithiúnas an 23 Samhain 2021, *IS* (Neamhdhleathacht an ordaithe tarchuir), C-564/19, EU:C:2021:949, míreanna 60 agus 61 agus an cásdlí dá dtagraítear].

32 De réir cásdlí socair, a léirítear in Airteagal 94(a) agus (b) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, de réir an ghá atá ann léiriú a thabhairt ar dhlí an Aontais Eorpaigh a bheidh úsáideach don chúirt náisiúnta, ní mór don chúirt náisiúnta comhthéacs fíorasach agus reachtach na gceisteanna atá á gcur aici a shainiú nó, ar a laghad, míniú a thabhairt ar na himthosca fíorasacha ar a bhfuil na ceisteanna sin bunaithe. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach, mar a luaitear in Airteagal 94(c) de na Rialacha Nós Imeachta, go leagfaí amach san iarraidh ar réamhrialú na cúiseanna a thug ar an gcúirt a rinne an tarchur fiosrú a dhéanamh maidir le léiriú nó bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais Eorpaigh, agus an nasc a shuíonn sí idir na forálacha sin agus an reachtaíocht

náisiúnta is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Sa chás seo, mar a chuir Rialtas na Spáinne in iúl go bunúsach ina bharúlacha i scríbhinn, ní luann an chúirt a rinne an tarchur go sainráite, ina tríú ceist, foráil an Chonartha idir an Rúis agus an Bhulgáir a d'fhéadfadh a bheith contrártha leis an riail dlínse a leagtar síos in Airteagal 7(1) de Rialachán na Bruiséile IIb, an t-aon riail dá dtagraíonn an chúirt sin i gcás ina mbeadh feidhm ag an Rialachán sin.

34 Mar sin féin, ar fhorais an ordaithe tarchuir ina leagtar amach cúlra dlíthiúil an cháis atá i gceist, déanann an chúirt a rinne an tarchur tagairt d'Airteagail 25 agus 30 den Chonradh sin. Ar an gcéad dul síos, áitíonn sí gur léir ón gcásdlí náisiúnta, de réir fhorálacha an dlí náisiúnta agus Airteagal 30(2) den Chonradh sin, go ndearbhaíonn cúirteanna na Bulgáire go bhfuil dlínse acu, mar chúirt an Stáit a bhfuil an mhaoin dhochorraithe suite ar a chríoch, chun an t-údarú dá bhforáiltear in Airteagal 130(3) den Chód Teaghlaigh a dheonú.

35 Ar an dara dul síos, leanann sé ó Airteagal 25(6) den Chonradh idir an Rúis agus an Bhulgáir, ós rud é, sna príomhimeachtaí, go bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh mionaoiseach i Stát nach páirtí conarthach é sa Chonradh idir an Rúis agus an Bhulgáir, eadhon Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, go bhféadfadh dlínse a bheith ag comhlachtaí breithiúnacha an pháirtí chonarthaigh ar náisiúnach de an leanbh sin, sa chás seo comhlachtaí breithiúnacha na Rúise, mar a chuir an Coimisiún in iúl ina bharúlacha i scríbhinn, faoin bhforáil sin den Chonradh chun an t-údarú atá á lorg a dheonú freisin.

36 Foráiltear leis an riail dlínse dá dtagraítear in Airteagal 7(1) de Rialachán na Bruiséile IIb, mar a luaitear i mír 27 den bhreithiúnas seo, go mbeidh dlínse i bprionsabal ag cúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh, sa chás seo cúirteanna na Gearmáine.

37 Ós rud é go bhforáiltear leis an bhforáil sin do dhlínse atá éagsúil ón dlínse a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó Airteagal 25(6) den Chonradh idir an Rúis agus an Bhulgáir agus ón dlínse a leanann, de réir an chásdlí náisiúnta a luaitear san iarraidh ar réamhrialú, ó Airteagal 30(2) den Chonradh sin, is léir go leor ón tríú ceist, óna cúiseanna agus ón gcreat dlíthiúil arna leagan amach ag an gcúirt a rinne an tarchur go bhfuil nasc ag an gceist sin le hábhar na bpríomhimeachtaí mar gheall ar rialacha éagsúla dlínse a bheith ann idir dlí an Aontais agus an Conradh sin agus nach bhfuil an fhadhb a ardaítear inti go hiomlán hipitéiseach.

38 Sna himthosca sin, ní mór a mheas go bhfuil an tríú ceist inghlactha.

Substaint an cháis

39 De réir cásdlí socair, faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt ar an gcúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCúirt Bhreithiúnais na ceisteanna a tharchuirtear chuici a athfhoirmliú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go measann an Chúirt Bhreithiúnais gur gá forálacha dhlí an Aontais a chur san áireamh nár thagair an chúirt náisiúnta dóibh i bhfoclaíocht a ceiste (breithiúnas an 15 Iúil 2021, *Ministrstvo za obrambo*, C-742/19, EU:C:2021:597, mír 31).

40 Toisc gur scríobh cúirt náisiúnta, go foirmiúil, ceist a tarchuireadh chun réamhrialú trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha áirithe de dhlí an Aontais, ní chuireann sé sin cosc ar an gCúirt Bhreithiúnais na léirmhínithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh le linn breithniú a dhéanamh ar an gcás os a comhair a chur ar fáil don chúirt sin, cibé acu ar tharchuir sí chucu i bhfoclaíocht a ceisteanna nó nach ndearna. Chuige sin, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, ag féachaint ar an ábhar go léir a sholáthair an chúirt náisiúnta, agus go háirithe an t-ábhar sa ráiteas ar na cúiseanna leis an ordú tarchuir, na heilimintí de dhlí an Aontais is gá a léiriú i bhfianaise ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí a tharraingt amach (breithiúnas an 22 Nollaig 2022, *Ministre de la Transition écologique et Premier ministre (Freagracht an Stáit ar thruailliú aeir)*, C-61/21, EU:C:2022:1015, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Tá sé tábhachtach a chur in iúl gur thug an chúirt a rinne an tarchur cúiseanna lena tríú ceist go bunúsach nuair a chuir sí in iúl, cé go rialaítear le Caibidil VIII de Rialachán na Bruiséile IIb, i gcomhréir lena theideal, caidreamh an Rialacháin sin 'le hionstraimí eile', ní bhaineann na cinn a luaitear sa chaibidil sin le haon chonradh déthaobhach arna thabhairt i gcrích idir Ballstát agus tríú Stát, amhail an Conradh idir an Rúis agus an Bhulgáir, cé is moite de chonarthaí déthaobhacha arna dtabhairt i gcrích ag Ballstáit áirithe leis an Suí Naofa, nach bhfuil ábhartha sa chás seo.

42 É sin ráite, is léir ó aithris 91 de Rialachán na Bruiséile IIb, i gcás comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag Ballstát le tríú Stát amháin nó níos mó roimh dháta a aontachais leis an Aontas, go mbeidh feidhm ag Airteagal 351 CFAE.

43 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, trína tríú ceist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 351 CFAE le léiriú sa chaoi go rialaítear leis an gaol idir conradh déthaobhach arna thabhairt i gcrích idir Ballstát agus tríú Stát roimh aontachas an Bhallstáit sin leis an Aontas Eorpach agus Rialachán na Bruiséile IIb i gcás nach luaitear conradh den sórt sin i gCaibidil VIII den Rialachán sin agus, más léiriú iomchuí é sin, cad iad na himthosca ina bhféadfadh an Conradh sin maolú ar an Rialachán sin.

44 Foráiltear leis an gcéad mhír d'Airteagal 351 CFAE nach ndéanfaidh forálacha na gconarthaí difear do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as comhaontuithe a tugadh i gcrích roimh an 1 Eanáir 1958 nó, i gcás Stát aontach, roimh dháta a n-aontachais, idir Ballstát amháin nó níos mó ar thaobh amháin agus tríú Stát amháin nó níos mó ar an taobh eile. Sonraítear leis an dara mír den Airteagal sin, sa mhéid nach bhfuil na comhaontuithe sin ag luí leis na Conarthaí, go nglacfaidh an Ballstát nó na Ballstáit áirithe gach slí iomchuí chun deireadh a chur leis an neamhluí sin. Nuair is gá, cabhróidh na Ballstáit le chéile chun na críche sin agus glacfaidh siad comhdhearcadh nuair is iomchuí sin.

45 Is léir ó chásdlí na Cúirte maidir le hAirteagal 351 CFAE go bhfuil sé beartaithe leis an bhforáil sin a chur ar chumas na mBallstát na cearta a bhaineann tríú Stáit, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, as coinbhinsiúin roimh aontachas na mBallstát sin leis an Aontas Eorpach a urramú agus a n-oibleagáidí comhfhreagracha a chomhlíonadh (féach go háirithe, chuige sin, breithiúnais an 9 Feabhra 2012, *Luksan*, C-277/10, EU:C:2012:65, mír 61, an 13 Eanáir 2022, *MIUR agus Ufficio Scolastico Regionale per la Campania*, C-282/19, EU:C:2022:3, mír 55, agus an 14 Márta 2024, *an Coimisiún* v *an Ríocht Aontaithe (Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí)*, C-516/22, EU:C:2024:231, mír 60).

46 Ina theannta sin, is riail í an chéad mhír d'Airteagal 351 CFAE lenar féidir, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maidir lena chur i bhfeidhm, maoluithe a cheadú ar chur i bhfeidhm aon fhorála de dhlí an Aontais, bíodh sí ina dlí príomha nó ina dlí tánaisteach (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Deireadh Fómhair 2022, *Generalstaatsanwaltschaft München (Eiseachadadh agus ne bis in idem)*, C-435/22 PPU, EU:C:2022:852, míreanna 119 agus 121 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Mar sin féin, shonraigh an Chúirt, cé go bhféadfaí riail de dhlí an Aontais a chur as feidhm le comhaontú idirnáisiúnta, de bhun na chéad mhíre d'Airteagal 351 CFAE, go bhfuil sí faoi réir an dá choinníoll gur comhaontú é a tugadh i gcrích roimh theacht i bhfeidhm Chonarthaí an Aontais sa Bhallstát lena mbaineann agus go mbaineann an tríú Stát lena mbaineann cearta as a d'fhéadfadh sé a cheangal air go gcomhlíonfadh an Ballstát sin iad (breithiúnas an 14 Márta 2024, *an Coimisiún* v *an Ríocht Aontaithe (Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí)*, C-516/22, EU:C:2024:231, mír 64 agus an cásdlí dá dtagraítear).

48 Thug an Chúirt faoi deara freisin gur faoi chúirteanna na mBallstát atá sé a fhíorú an féidir aon neamhréireacht idir dlí an Aontais agus comhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 351 CFAE a sheachaint tríd an gcomhaontú sin a léiriú, a mhéid is féidir agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, i gcomhréir le dlí an Aontais. Ós rud é nach féidir leo an Coinbhinsiún a léiriú ar bhealach comhréireach, ceanglaítear ar na Ballstáit, faoin dara mír d'Airteagal 351 CFAE, na bearta is gá a dhéanamh chun deireadh a chur leis an neamhréireacht idir an coinbhinsiún sin agus dlí an Aontais, trína shéanadh, más iomchuí. Mar sin féin, go dtí go ndéanfar an séanadh sin, údaraítear dóibh leis an gcéad mhír d'Airteagal 351 CFAE leanúint den Choinbhinsiún sin a chur i bhfeidhm (breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2020, *Ferrari*, C-720/18 agus C-721/18, EU:C:2020:854, míreanna 68 agus 69 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 Leanann as míreanna 44 go 48 den bhreithiúnas seo, i gcás nach luaitear i ngníomh de dhlí an Aontais Conradh a tugadh i gcrích idir Ballstát agus tríú Stát amháin nó níos mó roimh dháta aontachais an Bhallstáit sin leis an Aontas, go bhfuil sé beartaithe le hAirteagal 351 CFAE, mar fhoráil ghinearálta den dlí príomha, an gaol idir an gníomh sin agus an Conradh sin a rialú, mar a mheabhraítear in aithris 91 den Rialachán sin, a mhéid a bhaineann sé le Rialachán na Bruiséile IIb. Ar choinníoll go mbaineann tríú Stát is páirtí i gconradh den sórt sin cearta as a bhféadfadh sé ceangal a chur ar an mBallstát atá i gceist iad a urramú, ceadaítear le hAirteagal 351 CFAE don Bhallstát sin rialacha an chonartha sin a chur i bhfeidhm fiú, in éagmais léiriú atá comhréireach le dlí an Aontais, má tá siad ar neamhréir le dlí an Aontais. I gcás neamhréireachta, féadfaidh an Ballstát sin leanúint de rialacha an Chonartha sin a chur i bhfeidhm go dtí go ngabhfaidh éifeacht leis na bearta is gá chun deireadh a chur leis an neamhréireacht sin.

50 Sa chás seo, ar an gcéad dul síos, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé a fháil amach an bhfuil rialacha sa Chonradh idir an Rúis agus an Bhulgáir a chuir Poblacht na Bulgáire i gcrích roimh a haontachas leis an Aontas Eorpach lena bhféadfadh Cónaidhm na Rúise a cheangal ar an mBallstát sin iad a urramú.

51 Dá mb'amhlaidh an cás, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheadh sé, ar an dara dul síos, a fháil amach an bhfuil an Conradh idir an Rúis agus an Bhulgáir ar neamhréir le Rialachán na Bruiséile IIb a mhéid nach bhforáiltear leis an dá ionstraim dlí sin don dlínse chéanna in imthosca na díospóide sna príomhimeachtaí.

52 I gcomhthéacs an fhíoraithe sin, ní mór a chur san áireamh ní hamháin Airteagal 7(1) de Rialachán na Bruiséile IIb, ach freisin Airteagal 7(2) de, ar dá réir a bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal sin 'faoi réir Airteagail 8 go 10' den Rialachán sin, foclaíocht lena léirítear, mar is léir ó aithris 20 den

Rialachán sin, rún reachtas an Aontais foráil a dhéanamh, i gcásanna áirithe, do dhlínse cúirteanna nach cúirteanna ghnátháit chónaithe an linbh iad, agus na cúirteanna sin á n-ainmniú ar bhonn chritéar na gaireachta.

53 I ndáil leis sin, foráiltear le hAirteagal 10(1) de Rialachán na Bruiséile IIb go bhfuil dlínse ag cúirteanna Ballstáit in ábhair maidir le freagracht tuismitheora i gcás ina gcomhlíontar trí choinníoll.

54 De réir phointe (a) den fhoráil sin, ní mór dlúthnasc a bheith ag an leanbh lena mbaineann leis an mBallstát sin, agus é soiléir, mar gheall ar an nath 'go háirithe', nach liosta uileghabhálach é liosta na dtrí chás i bpointe (a), agus dá bhrí sin go bhféadfar dlúthnasc a bhunú freisin ar bhonn fachtóir eile atá ábhartha i gcomhthéacs na n-imeachtaí dá n-iarrtar an rogha cúirte dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Rialachán na Bruiséile IIb agus lena gcruthaítear nasc nithiúil agus suntasach idir an Ballstát sin agus leasanna pearsanta an linbh sin.

55 Foráiltear le pointe (b)(i) den fhoráil sin nach mór do na páirtithe nó d'aon sealbhóir eile freagrachta tuismitheora comhaontú faoi shaoirse maidir le dlínse, ar a dhéanaí tráth a thugtar imeachtaí os comhair na cúirte nó, de réir phointe (b)(ii) den fhoráil sin, nach mór dóibh dlínse a ghlacadh go sainráite le linn na n-imeachtaí, agus nach mór don chúirt í féin a shásamh sa chás deireanach sin gur cuireadh na páirtithe go léir ar an eolas faoina gceart gan glacadh lena dlínse.

56 Sonraítear i bpointe (c) den fhoráil chéanna nach mór dlínse na cúirte lena mbaineann a fheidhmiú ar mhaithe le leas an linbh. Léirítear leis sin aithris 19 de Rialachán na Bruiséile IIb, lena sonraítear, *inter alia*, gur i bhfianaise leas an linbh a ceapadh na rialacha dlínse in ábhair freagrachta tuismitheora. Dá bhrí sin, ní mór dlínse a chinneadh, thar aon ní eile, ar bhonn an leasa sin. Ní féidir é sin a áirithiú ach amháin trí scrúdú a dhéanamh, i ngach cás aonair, an bhfuil an rogha cúirte atá á lorg ar bhonn Airteagal 10(1) den Rialachán sin i gcomhréir leis an leas sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 1 Deireadh Fómhair 2014, *E.*, C-436/13, EU:C:2014:2246, míreanna 45 go 47).

57 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an chúirt a rinne an tarchur a aithint go bhfuil dlínse aici faoi Rialachán na Bruiséile Iib ar choinníoll go n-áirithíonn sí, ar an gcéad dul síos, i gcomhthéacs na n-imeachtaí os a comhair, go bhfuil nasc nithiúil suntasach idir Poblacht na Bulgáire agus leasanna pearsanta an linbh lena mbaineann, mar a d'fhéadfadh a bheith i gcás ina bhfuil scaireanna i maoin dhochorraithe atá suite i gcríoch an Bhallstáit sin ag an leanbh sin, ar an dara dul síos, ós rud é nach bhfuil cosantóir in imeachtaí neamhchonspóideacha amhail na himeachtaí sna príomhimeachtaí, go nglacann máthair an linbh mhionaoisigh, mar an t-aon sealbhóir freagrachta tuismitheora amháin, go sainráite, le linn na n-imeachtaí, le dlínse na cúirte sin tar éis di a bheith curtha ar an eolas faoina ceart gan glacadh leis agus, ar an tríú dul síos, go bhfeidhmítear an dlínse sin ar mhaithe le leas an linbh.

58 Dá measfadh an chúirt a rinne an tarchur, sna príomhimeachtaí, go bhfuil an Conradh idir an Rúis agus an Bhulgáir ar neamhréir le Rialachán na Bruiséile IIb a mhéid a thugann sé dlínse do chúirteanna seachas iad siúd a ainmnítear le hAirteagail 7 go 10 den Rialachán sin, beidh uirthi scrúdú a dhéanamh, ar an tríú dul síos, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 48 den bhreithiúnas seo, an féidir an neamhréireacht sin a sheachaint trí léiriú ar an gConradh sin atá i gcomhréir leis an Rialachán sin. Mura bhfuil, agus mura bhfuil sé de chumhacht aici deireadh a chur leis an neamhréireacht sin as a stuaim féin, féadfaidh an chúirt a rinne an tarchur, ar an gceathrú dul síos, rialacha an Chonartha sin a chur i bhfeidhm agus neamhaird a thabhairt ar rialacha Rialachán na Bruiséile IIb.

59 Mar sin féin, ba cheart a chur in iúl, cé go gceanglaítear ar chúirteanna na mBallstát a fháil amach an féidir aon neamhréireacht idir dlí an Aontais agus coinbhinsiún déthaobhach níos luaithe, amhail an Conradh idir an Rúis agus an Bhulgáir, a sheachaint tríd an gcoinbhinsiún sin a léiriú, a mhéid is féidir agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, i gcomhréir le dlí an Aontais, nach bhfuil sé de cheangal orthu a fháil amach an féidir aon neamhréireacht idir dlí an Aontais agus coinbhinsiún den sórt sin a sheachaint trí dhlí an Aontais a léiriú nó a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gcoinbhinsiún sin.

60 Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcúirt a rinne an tarchur leas a bhaint as an bhféidearthacht, dá dtagraítear i mír 57 den bhreithiúnas seo, a aithint go bhfuil dlínse aici faoi Airteagal 10(1)(a), (b)(ii) agus (c) de Rialachán na Bruiséile IIb, seachas an riail maidir le dlínse ghinearálta dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) den Rialachán sin a chur i bhfeidhm, chun dlí an Aontais a réiteach leis an gConradh idir an Rúis agus an Bhulgáir agus chun cinneadh a dhéanamh, ar an gcaoi sin, in imthosca na díospóide sna príomhimeachtaí, go bhfuil an Conradh sin i gcomhréir le dlí an Aontais a mhéid a fhoráiltear leo don dlínse chéanna i gcomhthéacs na díospóide sin.

61 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an tríú ceist nach mór Airteagal 351 CFAE a léiriú sa chaoi go rialaítear leis an gaol idir conradh arna thabhairt i gcrích idir Ballstát agus tríú Stát amháin nó níos mó roimh dháta aontachais an Bhallstáit sin leis an Aontas Eorpach agus Rialachán na Bruiséile IIb, ós rud é go dtugann an Conradh sin, cé nach luaitear é i gCaibidil VIII den Rialachán sin, cearta a fhéadfaidh tríú Stát is páirtí sa chonradh sin a cheangal ar an mBallstát lena mbaineann iad a chomhlíonadh. I gcás ina bhfuil Conradh den sórt sin ar neamhréir le Rialachán na Bruiséile IIb, nach féidir le cúirt de chuid an Bhallstáit sin a sheachaint in imeachtaí atá ar feitheamh os a comhair maidir le hábhar atá faoi rialú ag an gConradh sin agus ag an Rialachán sin araon, féadfaidh an chúirt sin rialacha an Chonartha sin a chur i bhfeidhm chun dochair dóibh siúd atá leagtha síos leis an Rialachán sin, fad nach bhfuil éifeacht na mbeart is gá chun deireadh a chur leis an neamhréireacht sin i bhfeidhm go fóill, agus é á shonrú nach mór don Bhallstát sin leas a bhaint as gach modh iomchuí chun bearta den sórt sin a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

Costais

62 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na príomhpháirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2019 maidir le dlínse, maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus sna hábhair maidir le freagracht tuismitheora, agus maidir le fuadach idirnáisiúnta leanaí,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

tagann an t-údarú breithiúnach a iarrtar thar ceann leanbh mionaoiseach a bhfuil gnáthchónaí air i mBallstát chun na scaireanna atá i seilbh an linbh sin i maoin dhochorraithe atá suite i mBallstát eile a dhíol faoi raon feidhme na freagrachta tuismitheora, de réir bhrí Airteagal 1(1)(b) den Rialachán sin, a mhéid a bhaineann sé

leis na bearta cosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (e) den Airteagal sin, ionas, de bhun Airteagal 7(1) den Rialachán sin, gurb iad cúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an leanbh tráth a thugtar na himeachtaí os comhair na cúirte a bhfuil dlínse acu, i bprionsabal, údarú den chineál sin a dheonú.

2. **Ní mór Airteagal 351 CFAE a léiriú sa chaoi go rialaítear leis an gaol idir conradh arna thabhairt i gcrích idir Ballstát agus tríú Stát amháin nó níos mó roimh dháta aontachais an Bhallstáit sin leis an Aontas Eorpach agus Rialachán 2019/1111, ós rud é go dtugann an Conradh sin, cé nach luaitear é i gCaibidil VIII den Rialachán sin, cearta a fhéadfaidh tríú Stát is páirtí sa chonradh sin a cheangal ar an mBallstát lena mbaineann iad a chomhlíonadh. I gcás ina bhfuil Conradh den sórt sin ar neamhréir le Rialachán 2019/1111, nach féidir le cúirt de chuid an Bhallstáit sin a sheachaint in imeachtaí atá ar feitheamh os a comhair maidir le hábhar atá faoi rialú ag an gConradh sin agus ag an Rialachán sin araon, féadfaidh an chúirt sin rialacha an Chonartha sin a chur i bhfeidhm chun dochair dóibh siúd atá leagtha síos leis an Rialachán sin, fad nach bhfuil éifeacht na mbearta is gá chun deireadh a chur leis an neamhréireacht sin i bhfeidhm go fóill, agus é á shonrú nach mór don Bhallstát sin leas a bhaint as gach modh iomchuí chun bearta den sórt sin a ghlacadh agus a chur chun feidhme.**

Sínithe